



An Bhruiséal, 28 Lúnasa 2024
(OR. en)

11725/24

Comhad Idirinstiúideach:
2015/0188(NLE)

AVIATION 104
RELEX 917
ASIE 28

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Uimh. an doic. roimhe seo:	10846/24
Uimh. an doic. ón gCoim.:	11791/15
Ábhar:	Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Dhaon-Phoblacht na Banglaidéise maidir le gnéithe áirithe d'aersheirbhísí <ul style="list-style-type: none">• Comhaontú i bprionsabal• Iarraidh ar an toiliú ó Pharlaimint na hEorpa

1. Thar ceann an Aontais Eorpaigh, rinne an Coimisiún Comhaontú a chaibidil le Rialtas Dhaon-Phoblacht na Banglaidéise maidir le gnéithe áirithe d'aersheirbhísí (dá ngairtear 'an Comhaontú' anseo feasta) faoin údarú cothrománach, a dheonaigh an Chomhairle an 5 Meitheamh 2003, lenar údaraíodh don Choimisiún tús a chur le caibidlíocht le tríú tíortha maidir le comhaontú ar leibhéal an Aontais a chur in ionad fóralacha áirithe i gcomhaontuithe déthaobhacha atá ann cheana.
2. An 7 Meán Fómhair 2015, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe agus togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe¹.
3. An 14 Nollaig 2015, ghlac an Chomhairle an Cinneadh maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe.

¹ 11854/15 agus 11791/15.

4. Tar éis tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach agus dhul in éag na hidirthréimhse an 31 Nollaig 2020, baineadh na tagairtí don Ríocht Aontaithe de téacs an Chomhaontaithe sular síníodh é. D'aontaigh an Bhanglaidéis na tagairtí sin a bhaint. An 18 Meán Fómhair 2023, thug an Chomhairle dá haire go raibh rún ann téacs a thíolacadh lena shíniú nárbh ionann é agus an téacs a d'fhorghas an Chomhairle a mhéid a bhaineann leis na tagairtí don Ríocht Aontaithe².
5. Síníodh an Comhaontú an 7 Meitheamh 2024 agus foilsíodh é in éineacht leis an gCinneadh ón gComhairle maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*³.
6. Ag físchomhdháil neamhfhoirmiúil de chomhaltaí na Meithle um Eitlíocht an 8 Iúil 2024, scrúdaigh na toscaireachtaí comhréiteach ón Uachtaránacht i ndáil leis an dréachtchinneadh maidir leis an tabhairt i gcrích⁴. Níor chuir na toscaireachtaí aon bharúil in iúl.
7. Mar ullmhúchán do thabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle, ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo, teacht ar chomhaontú i bprionsabal i ndáil leis an dréachtchinneadh maidir leis an tabhairt i gcrích, mar atá in 10844/24, arna athbhreithniú ag na dlítheangeolaithe, agus an dréachtchinneadh a chur ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa chun a toiliú a fháil.

² 12856/23

³ IO L, 2024/1698, 26.6.2024, agus IO L, 2024/1699, 26.6.2024.

⁴ 10846/24